C/2026/5530

22.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12258 — VOLKSWAGEN / EUROPCAR)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5530)

1. An 13 Deireadh Fómhair 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Volkswagen Aktiengesellschaft ('Volkswagen', an Ghearmáin), máthairchuideachta ghrúpa Volkswagen ('Grúpa VW', an Ghearmáin),

— Europcar Mobility Group S.A. ('Europcar', an Fhrainc), faoi rialú comhpháirteach Ghrúpa VW agus Gilpin Investments Designated Activity Company ('Gilpin', Éire) faoi láthair.

Gheobhaidh Volkswagen rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Europcar ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é Volkswagen máthairchuideachta Ghrúpa VW. Tá Grúpa VW gníomhach ar fud an domhain maidir le gluaisteáin paisinéirí, feithiclí tráchtála éadroma, trucailí, busanna, cóistí, fonnadh do bhusanna agus d'innill díosail, agus gluaisrothair a fhorbairt, a mhonarú, a mhargú agus a dhíol, lena n-áirítear páirteanna spártha agus gabhálais do gach ceann acu. Tá Grúpa VW gníomhach freisin i ndáileadh feithiclí,

— Is é Europcar máthairchuideachta an ghrúpa Europcar a chuireann roinnt réitigh shoghluaisteachta ar fáil. Áirítear leis sin raon leathan seirbhísí soghluaisteachta agus seirbhísí gaolmhara, go háirithe gluaisteáin a fháil ar cíos, ach veaineanna freisin agus, ar bhonn i bhfad níos teoranta, trucailí a fháil ar cíos agus gluaisteáin a roinnt. Tá láithreacht dhomhanda ag Europcar, agus béim á leagan ar an Eoraip.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12258 — VOLKSWAGEN / EUROPCAR

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË